# Réitigh Aeráide á Seachadadh

## Nuashonrú Inbhuanaitheachta 2024

Bord na Móna



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá - Tom Donnellan, Príomhfheidhmeannach | 3 |
| Réamhrá - John MacNamara, Ceannasaí na hInbhuanaitheachta Corparáidí | 4 |
| Méadrach 1 Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) | 6 |
| Méadrach 2 Éifeachtúlacht Fuinnimh | 7 |
| Méadrach 3 Giniúint Fuinnimh Ghlain | 8 |
| Fuinneamh In-athnuaite Bhord na Móna | 10 |
| Méadrach 4 Bithéagsúlacht | 12 |
| Méadrach 5 Athshlánú Tailte Portaigh | 14 |
| Talamh agus Gnáthóga Bhord na Móna | 16 |
| Méadrach 6 Athchúrsáil | 18 |
| Athchúrsáil Bord na Móna | 20 |
| Méadrach 7 Folláine Fostaithe | 22 |
| Bord na Móna Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine | 24 |
| Méadrach 8 Rannpháirtíocht sa Phobal, Tairbhe agus Comhpháirtíochtaí | 26 |
| TNAA Tuairisciú | 28 |
| Tagairtí | 32 |







# Tom Donnellan
## Príomhfheidhmeannach



> “Tá Bord na Móna dírithe anois ar infheistiú ina ghnó, agus tacóidh sé le rath a chuideachta amach anseo agus le rath thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide na hÉireann agus cumas fuinnimh ghlain fad is a bheidh sé ag díriú ar neodracht carbóin.”

Cúis áthais dom an réamhrá seo a scríobh do *Nuashonrú Inbhuanaitheachta* Bhord na Móna do bhliain airgeadais 2024. Anuraidh scríobh mé an méid seo a leanas, “*Tá Bord na Móna ag leanúint ar aghaidh le haistear ar cuireadh tús leis inár straitéis Donn go Glas in 2018*,” agus anois cúis áthais dom a scríobh, le 12 mhí anuas, gur éirigh linn ár n-aistear gnó bunathraitheach a chur i gcrích agus go bhfuil tús curtha againn anois leis an gcéad chéim eile dár bhforbairt gnó mar cheann de na príomhsholáthraithe réiteach fuinnimh ghlais agus aeráide sa tír.

Mí thábhachtach ba ea Nollaig 2023, tráth ar tháinig deireadh ar fad leis an ioncam ar fad a bhain le móin den chéad uair riamh i stair beagnach 90 bliain na cuideachta, nuair a dódh an lód deiridh de mhóin stoc-charntha chun leictreachas a ghiniúint ag Stáisiún Cumhachta Éadan Doire. Tá Bord na Móna dírithe anois ar infheistiú ina ghnó, agus tacóidh sé le rath a chuideachta amach anseo agus le rath thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide na hÉireann agus cumas fuinnimh ghlain fad is a bheidh sé ag díriú ar neodracht carbóin.

Sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo, atá ag teacht le creat Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, cuimsítear forléargas agus méadracht a bhaineann lenár n-iarrachtaí déileáil leis an ngníomhú ar son na haeráide agus déantar cur síos ar an obair atá á déanamh againn chun tacú le geilleagar ísealcharbóin agus inbhuanaithe.

**Seo a leanas buaicphointí inbhuanaitheachta na bliana:**

- Lean ár n-astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ag laghdú, agus tugadh laghdú bliain i ndiaidh bliana de 51% faoi deara
- Ar fud eastát Bhord na Móna, gineadh breis is 1,500,000 MWh nó 1.5 uair Teireavata d›fhuinneamh in-athnuaite glan, agus d›fheabhsaigh feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh Bhord na Móna i rith na bliana freisin.
- Tá breis is 17,300 heicteár de thailte portaigh athshlánaithe anois faoin Scéim Fheabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú (EDRRS)
- Chuir Bord na Móna breis is €1m ar fáil do raon leathan scéimeanna pobail i rith na bliana
- Rinneadh tionscnaimh agus cleachtais Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na cuideachta a thagarmharcáil go neamhspleách agus bronnadh athchreidiúnú i bhfoirm na dámhachtana airgid dar teideal ‘Infheisteoirí san Éagsúlacht’ ar an gcuideachta. Ba é Ionad um Éagsúlacht na hÉireann a bhronn an dámhachtain sin
- Tá tús curtha ag Bord na Móna leis an bpróiseas a bhaineann lena Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2024–2029 a ullmhú

Tá mé féin, i dteannta le baill an Bhoird, an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach agus an fhoireann um Inbhuanaitheacht Chorparáideach ag leanúint ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh ar infheistíochtaí in acmhainní agus i mbonneagar chun a chinntiú go bhfuil an caighdeán a bhfuiltear ag súil leis ón bpríomhchuideachta Fuinnimh In-athnuaite agus Réiteach Aeráide in Éirinn chomh fada is a bhaineann le tuairisciú ESG agus nochtaí éigeantacha á chomhlíonadh.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfostaithe díograiseacha, baill Bhoird, eagraíochtaí comhpháirtíochta, soláthraithe, custaiméirí, pobail agus páirtithe leasmhara a raibh ról tábhachtach acu inár n-aistear bunathraitheach. I dteannta a chéile, tá difríocht fhiúntach agus intomhaiste á déanamh againn.

**Tom Donnellan**
Príomhfheidhmeannach

# John MacNamara
## Ceannasaí – Inbhuanaitheacht Chorparáideach



> "Tá Bord na Móna airdeallach ar shuntas na SFInna agus tá sé tiomanta do chur ar bhealach fiúntach leis na cuspóirí, spriocanna agus táscairí ar féidir leis tionchar dearfach a imirt orthu trína ghníomhartha."

Is é seo an dara Nuashonrú Inbhuanaitheachta atá curtha i dtoll a chéile ag Bord na Móna ina gclúdaítear an Bhliain Airgeadais 2024 (BA24), Aibreán 2023 go dtí Márta 2024. Tá léargas le fáil sa Nuashonrú seo ar ár n-aistear leanúnach mar Chuideachta Réiteach Aeráide, agus tá samplaí inláimhsithe tugtha d'obair atá á déanamh ag an gcuideachta agus eolas maidir lenár bhfeidhmíocht i gcomparáid le sraith de mhéadracht ESG ar ardleibhéil a foilsíodh anuraidh.

Ainneoin go bhfuil struchtúr Nuashonrú Inbhuanaitheachta na bliana seo mórán cosúil le agus comhsheasmhach le nuashonrú na bliana seo caite, tá roinnt athruithe déanta agus tá roinnt rudaí nua curtha san áireamh. Tá measúnú mionsonraithe ar riosca agus ar dheiseanna aeráide curtha san áireamh anois, atá nasctha leis an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TNAA). I mbliana rinneadh agallaimh le fostaithe a bhfuil na huaillmhianta straitéiseacha a rinne an fhoireann ceannaireachta shinsearach cur síos orthu in eagrán BA23 á seachadadh agus á gcur chun feidhme acu. I measc na samplaí den obair seo tá infheistíochtaí nua san fhuinneamh in-athnuaite, athshlánú tailte portaigh, éachtaí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, níos mó tionscnamh éagsúlachta agus rannpháirtíocht feabhsaithe leis an bpobal. Ar deireadh, chomh fada is a bhaineann leis an méadracht ardleibhéil, tá an Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo, ina bhfuil sonraí a bhaineann le bliain airgeadais 2024 (BA24), ag ailíniú na méadrachta seo le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFI NA) anois.

Ghlac Ballstáit uile NA le SFI NA, ar a dtugtar *Na Spriocanna Domhanda* freisin, d'aon ghuth, in 2015, mar phlean gníomhaíochta suntasach chun síocháin agus rathúnas a chinntiú do dhaoine agus don phláinéad, anois agus amach anseo.

San áireamh sna SFInna tá 17 gcuspóir idirnasctha, 169 sprioc agus breis is 200 táscaire a bhaineann le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chomhshaoil. Glacann na NA leis na Spriocanna seo mar 'treoirphlean comhroinnte' chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a chinntiú do gach duine. Ó tharla go bhfuilimid spriocdháta 2023 i gcomhair na SFInna ag teannadh linn, ní mór dúinn gníomhú anois.

Is freagracht chomhroinnte ar fud na sochaí í a chinntiú go gcuirtear na spriocanna seo i gcrích, agus táthar ag súil go mbeidh príomhról ag eagraíochtaí chomh fada is a bhaineann leis na spriocanna seo a chur i gcrích. Tá Bord na Móna airdeallach ar shuntas na SFInna agus tá sé tiomanta do chur ar bhealach fiúntach leis na cuspóirí, spriocanna agus táscairí ar féidir leis tionchar dearfach a imirt orthu trína ghníomhartha.

Tá cuimsiú SFI NA sa mhéadracht ardleibhéil ag teacht le hullmhúchán Bhord na Móna do thuairisciú éigeantach faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC) a bheidh le cur ar fáil le Tuarascáil Bhliantúil BA26.

Braitheann an Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo ar iarrachtaí comhchoiteanna fhostaithe uile Bhord na Móna, a chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara, agus ní féidir dearmad a dhéanamh ach oiread ar dhíograis ár gcomhghleacaithe ón bhFoireann um Inbhuanaitheacht Chorparáideach agus na Comhordaitheoirí Inbhuanaitheachta as Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna difriúla a bhfuil ardmheas againn ar a dtacaíocht agus ar a gcuid oibre.

**I ndiaidh próiseas inmheánach a chur i gcrích chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar ár méadracht ardleibhéil, shainmhínigh Bord na Móna na SFInna seo a leanas mar na cinn is ábhartha dár gcuid oibríochtaí, straitéisí agus beartas:**










# Méadrach 1
# Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT)

SFI NA 13 – *'gníomhú ar bhonn práinne chun athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac'* – I láthair na huaire, tá Bord na Móna tiomanta dá oibríochtaí gnó agus slabhra luacha a dhícharbónú de réir uaillmhianta neodrachta carbóin na hÉireann.


Go bunúsach, bhí gníomhartha 'maolaithe' Bhord na Móna le seacht mbliana anuas dírithe ar astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na cuideachta a laghdú.

Ríomhann Bord na Móna a astaíochtaí de réir an Phrótacail Gás Ceaptha Teasa. Is astaíochtaí díreacha iad astaíochtaí Raon Feidhme 1 ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó á rialú ag an gcuideachta. Is astaíochtaí neamhdhíreacha iad astaíochtaí Raon Feidhme 2 ó fhoinsí nach bhfuil faoi úinéireacht nó á rialú ag Bord na Móna, leictreachas ceannaithe den chuid is mó trí úsáid a bhaint as fachtóir astaíochtaí atá foilsithe ag SEAI d'eangach na hÉireann. Clúdaítear in astaíochtaí Raon Feidhme 3 cuideachta astaíochtaí nach dtáirgeann an chuideachta féin go díreach (Raon Feidhme 1) agus ní ghlactar leo mar thoradh gníomhaíochtaí indíreacha ó shócmhainní atá faoina n-úinéireacht nó á rialú acu (Raon Feidhme 2), seachas sin, is astaíochtaí iad a bhfuil an chuideachta freagrach astu go hindíreach suas agus síos a shlabhra luacha.

I gcomparáid lena bhliain bhunlíne (2018), tá astaíochtaí comhiomlána[1] ar fud chatagóirí ábhartha Raon Feidhme 1, Raon Feidhme 2 agus Raon Feidhme 3 laghdaithe 90%. Sáraíonn an ráta laghdaithe GCT seo NDC reatha na hÉireann, ach tá dúshláin fós le sárú i ndáil le slabhra luacha iomlán na cuideachta a dhícharbónú. I mbeagán focal, tá astaíochtaí Raon Feidhme 1 laghdaithe de réir mar atá stop curtha ag an gcuideachta le móin a dhó, bhain astaíochtaí 'suímh' Raon Feidhme 2 tairbhe as tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh, féach Méadrach 2 ar leathanach 7, agus tá déine carbóin chóras leictreachais na hÉireann laghdaithe. Mar thoradh ar mhóin a bheith á baint de thairiscint tairgí Bhord na Móna do chustaiméirí seachtracha, tá laghdú suntasach tagtha ar astaíochtaí Raon Feidhme 3 a bhaineann le 'úsáid táirgí díolta.' Tá Bord na Móna tiomanta do na hastaíochtaí Raon Feidhme 3 a nochtann sé a mhionchoigeartú de réir a chéile, agus cuimsítear i bhfardal na bliana seo, *inter alia*, astaíochtaí ón naoi gcatagóir is ábhartha de Raon Feidhme 3. I rith na Bliana Airgeadais, laghdaigh astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa thart ar 51% i gcomparáid le BA23.

Tá na sonraí astaíochtaí atá le fáil sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo fíoraithe go neamhspleách faoi ISO14064-3.




**Fíor 1** Prótacal GCT – Astaíochtaí Raon Feidhme 1, 2 agus Astaíochtaí Ábhartha Raon Feidhme 3 bunaithe ar an mBliain Airgeadais (BA)





# Méadrach 2
# Éifeachtúlacht Fuinnimh


Sonraítear i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7.3 na Náisiún Aontaithe sprioc go mbeidh an ráta domhanda feabhais ar éifeachtúlacht fuinnimh á dhúbailt faoi 2030.

Tá faireachán agus tuairisciú déanta ag Bord na Móna, mar chuideachta leathstáit tráchtála, ar a húsáid fuinnimh i ndáil lena gníomhaíochtaí tráchtála ó 2009. Tá sprioc éifeachtúlachta fuinnimh do chomhlachtaí poiblí sonraithe i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 Rialtas na hÉireann – éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030. Chun críche I.R. Uimh. 426/2014 – *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014,* an sainmhíniú ar chomhlachtaí poiblí Bord na Móna. Tá sprioc na hÉireann, a bhfuil glactha go de facto léi ag Bord na Móna, ag teacht le SFI NA 7.3.

Cúis áthais do Bhord na Móna a thuairisciú go bhfuil a Tháscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI), tomhas de dhéine fuinnimh a úsáidtear mar tháscaire maidir le héifeachtacht na n-iarrachtaí coigilte fuinnimh, ag tacú leis an treocht dhearfach, agus is fianaise iad na figiúirí sealadacha i gcomhair 2023 go bhfuil feabhsuithe de bhreis is 65% déanta i gcomparáid leis na mbliain bhonnlíne.

Níl aon fhachtóir amháin freagrach as na feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh seo, seachas sin tá raon beart ar fud na heagraíochta mar bhonn leo. Ina measc tá úsáid a bheith á baint as rialuithe cliste teasa agus soilsithe, grianphainéil ar leibhéal dín a shuiteáil agus bainistíocht bealaí dhinimiciúil fhlít bailithe Athchúrsála Bhord na Móna. Lena chois sin, bhí feasacht fuinnimh níos fearr mar bhonn le hathrú iompraíochta dearfach sa chuideachta, agus le déanaí, bhí rannpháirtíocht Bhord na Móna i bhfeachtas a bhí urraithe ag an Rialtas agus á reáchtáil ag Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) dar teideal 'Laghdaigh d'Úsáid,' mar bhonn le hídiú fuinnimh níos ísle. Is clár deonach é 'Laghdaigh d'Úsáid' a thacaíonn le comhlachtaí poiblí chun feachtas feasachta fuinnimh a reáchtáil i rith an gheimhridh do bhaill foirne agus chun gníomhartha molta a dhéanamh a bhaineann le teas, soilsiú, uaireanta oibre, iniúchtaí agus seiceálacha oibríochtúla & cothabhála (O&C).




**Fíor 2** Sonraí SEAI a léiríonn Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI) Bhord na Móna idir 2009–2023]

# Méadrach 3
# Giniúint Fuinnimh Ghlain

Tá clár infheistíochta uaillmhianach bunaithe ag Bord na Móna chun a phunann fuinnimh in-athnuaite a leathnú chomh fada is a bhaineann le gaoth ar talamh, grianfhuinneamh, bithmhais, hidrigin ghlas agus stóráil fuinnimh.


Tá an chuideachta ag cur ar bhealach suntasach le spriocanna athnuaiteán náisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh. Tá forbairt shuntasach tagtha ar aistear fuinnimh ghlain Bhord na Móna ó forbraíodh an chéad fheirm ghaoithe tráchtála in Éirinn ag Béal Átha Chomhraic i gCo. Mhaigh Eo breis is 30 bliain ó shin.

Mar cheann de na príomhchuideachtaí fuinnimh in-athnuaite in Éirinn, tá oibríochtaí Bhord na Móna ailínithe go dlúth le agus cabhraíonn siad le SFI 7 – Fuinneamh Inacmhainne agus Glan, agus go háirithe Sprioc 7.2 atá dírithe ar *'an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite sa mheascán fuinnimh dhomhanda a mhéadú go suntasach.'*

I rith na bliana tuairiscithe seo, cuireadh tús le breis is 175 MW d'acmhainn tuirbín gaoithe nua a úsáid d'oibríocht tráchtála. San áireamh anseo bhí Oweninny – Céim 2, comhfhiontar comhpháirtíochta le BSL, a bhfuil acmhainn shuiteáilte de 99MW aige atá á cur ar fáil ag 31 tuirbín. Ag Feirm Ghaoithe Chluain Críon i gCo. Uíbh Fhailí, feirm atá faoi úinéireacht iomlán Bhord na Móna, suíomh a bhí in úsáid tráth chun móin a bhaint chun breosla a chur ar fáil do Stáisiún Cumhachta Éadan Doire in aice láimhe, soláthraíonn 21 tuirbín suas le 76MW d'fhuinneamh in-athnuaite glan. Chuir Stáisiún Cumhachta Éadan Doire garsprioc i gcrích i mí na Nollag 2023 nuair a úsáideadh móin mar bhunábhar den uair deiridh; tá an leictreachas ar fad atá á ghiniúint anseo anois á tháirgeadh ó bhithmhais inbhuanaithe.

Ghin an flít giniúna ar fud eastát Bhord na Móna, breis is 1,500,000 MWh nó 1.5TWh de leictreachas in-athnuaite sa bhliain airgeadais (bun cothromais 77% BnM).

Tá píblíne tionscadal ag Bord na Móna atá ag céimeanna éagsúla aibíochta, cuid acu atá ar lánúinéireacht, cuid eile le comhpháirtithe, ach leanfaidh na forbairtí seo ar fad leis an SFI áirithe seo a chomhlíonadh tríd *'an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite sa chomhthéacs fuinnimh dhomhanda a mhéadú.''* Nuair a bheidh na tionscadail seo seachadta agus coimisiúnaithe cuirfear san áireamh iad in eagráin amach anseo de thuairisciú ESG Bhord na Móna.




**Fíor 3** Giniúint Fuinnimh In-athnuaite (MWh sa bhliain) ó shócmhainní Bhord na Móna.







# Fuinneamh In-athnuaite Bhord na Móna

## Feirm Ghaoithe Chluain Críon:
### An eangach a chumhachtú le fuinneamh glan

**Tá Feirm Ghaoithe Chluain Críon i gCo. Uíbh Fhailí ar láthair Phortach Chluain Críon a bhíodh in úsáid tráth chun móin a bhaint ach anois tá dóthain fuinnimh ghlain á táirgeadh ag an bhFeirm Ghaoithe chun 55,000 teach a chumhachtú. Mhínigh Pat McManus, Bainisteoir Tógála le Bord na Móna, agus Catherine Graham, Bainisteoir Láithreáin Tógála Fheirm Ghaoithe Chluain Críon, conas a seachadadh an tionscadal seo a chosain €100 milliún.**

Tá Bord na Móna ag cur dlús le seachadadh an bhonneagair fuinnimh in-athnuaite chun an eangach náisiúnta a chumhachtú le fuinneamh glan agus chun tacú le spriocanna dícharbónaithe na hÉireann a sheachadadh i gcomhair 2030 agus ina dhiaidh sin. Ceadaíonn cúlsoláthar talún 80,000 heicteár na cuideachta tionscadail fuinnimh in-athnuaite a sheachadadh ag scála suntasach, lena n-áirítear cuid de na feirmeacha gaoithe ar talamh is mó san Eoraip.

Tá Feirm Ghaoithe Chluain Críon i gCo. Uíbh Fhailí i measc ceann de na láithreáin atá ag cur cheana féin le 80% de sprioc leictreachais in-athnuaite na hÉireann faoi 2023. San áireamh sna hoibreacha forbartha bhí infheistíocht luach €100 milliún a rinne Bord na Móna sa bhonneagar giniúna leictreachais ísealcharbóin.

Tógtha ar Phortach Chluain Críon a bhí ag cur móin ar fáil tráth do Stáisiún Cumhachta Éadan Doire in aice láimhe, áit ar cuireadh stop le móin a dhó ag deireadh 2023, tá ról tábhachtach ag an láithreán 960 heicteár anois chomh fada is a bhaineann le todhchaí na hÉireann a chinntiú trí fhuinneamh glan, in-athnuaite a chur ar fáil.

San áireamh i bhFeirm Ghaoithe Chluain Críon tá 21 tuirbín Vestas ag a bhfuil toilleadh giniúna de 75MW a tháirgeann breis is 200,000MWh d'fhuinneamh – dóthain chun thart ar 55,000 teach a chumhachtú gach bliain.

Ba í Catherine Graham a bhí ag feidhmiú mar Bhainisteoir Láithreáin Tógála do sheachadadh Fheirm Ghaoithe Chluain Críon, a chiallaigh go raibh sí ag an láithreán gach lá chun na príomhchonraitheoirí a chomhordú, agus chun sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú, agus chun a chinntiú go rabhthas ag cloí le caighdeáin chomhshaoil agus cháilíochta.

Thosaigh Catherine ag obair leis an bhfoireann ar an láithreán ar dtús i mí Iúil 2020, i lár phaindéim Covid-19, rud a chruthaigh dúshláin d'fhoireann an tionscadail.

"Cuireadh moill orainn ag an tús ach de bhrí gur príomhthionscadal bonneagair a bhí ann, fuaireamar cead chun leanúint ar aghaidh agus chinntíomar go raibh bearta sábháilteachta oiriúnacha i bhfeidhm. Ach chuir an phaindéim isteach ar ár slabhra soláthair agus ar ár n-iarrachtaí ábhair a thabhairt chomh fada leis an láithreán agus lean na costais ag ardú. Chomh maith leis sin, b'éigean dúinn déileáil le níos mó ball foirne a bheith as láthair mar gheall ar Covid-19."

I gcás Pat McManus, Bainisteoir Tógála le Bord na Móna, b'ionann Feirm Ghaoithe Chluain Críon agus ceann de roinnt tionscadal tógála a bhfuil maoirseacht á déanamh aige orthu mar chuid de phunann fuinnimh na cuideachta lena n-áirítear gaothfhuinneamh, grianfhuinneamh agus stóráil ceallraí. Thosaigh sé ag obair ar an tionscadal i ndiaidh dó tosú ag obair leis an gcuideachta i mí Dheireadh Fómhair 2021, tráth a raibh na hoibreacha innealtóireachta sibhialta á gcur i gcrích.

Ba í tógáil Fheirm Ghaoithe Chluain Críon an chéad tionscadal inar úsáideadh Faing i gCo. Luimnigh mar an bealach iompair do thuirbíní a bhí á dtabhairt isteach sa tír ar muir. B'éigean don fhoireann dul i mbun idirchaidrimh le Comhairle Contae Luimnigh agus le 10 gcomhlacht reachtúla feadh an bhealaigh 250 ciliméadar chun na tuirbíní a thabhairt chomh fada leis an láithreán go sábháilte.

D'éirigh leis an bhfoireann níos lú cloiche iompórtáilte a úsáid trí chloch dhúchasach a úsáid a fuarthas sa pholl carta ag an láithreán chun cabhrú leis na bóithre mórthimpeall ar an bhfeirm ghaoithe a thógáil.

Garsprioc shuntasach don tionscadal ba ea an bhunsraith don chéad tuirbín, de bhrí go raibh an chéad phíosa den tuirbín tagtha chomh fada leis an láithreán an tráth sin.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Catherine, "B'iontach an radharc é na tuirbíní a fheiceáil ag teacht tríd an ngeata; bhí an tionscadal ar fad ag teacht le chéile."

Buaicphointe do Pat ba ea na tuirbíní a fheiceáil san áit cheart agus ag táirgeadh cumhachta. "Is deas an rud é a bheith ag obair ar thionscadail atá ag cabhrú le spriocanna a bhaineann le hathnuaiteáin agus atá ag cruthú soláthair fuinnimh níos inbhuanaithe d'Éirinn," dar leis.

Thóg sé dhá bhliain Feirm Ghaoithe Chluain Críon a thógáil. Cabhraíonn Catherine agus Pat lena chinntiú go gcuirtear tionscadail i gcrích in ann agus lena chinntiú gur oibrigh.

"Ba í Feirm Ghaoithe Chluain Críon an chéad fheirm ghaoithe a raibh baint agam léi agus cúis bhróid dom an obair a cuireadh








**Fíor 4** Na tuirbíní gaoithe á bhfágáil ag an láithreán. **Fíor 5** Ag ullmhú chun an coincréit a dhoirteadh do bhunsraith an chéad tuirbín.

i gcrích." Dúirt Catherine go bhfuil sí fíorshásta go bhfuil an fheirm ghaoithe ag obair anois agus leis an tslí a bhfuil an fheirm ag cur le punann fuinnimh in-athnuaite Bhord na Móna.

Mar aon le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, is taitneamhacht thábhacht í an láithreán don phobal áit a bhfuil gairdín céadfach le fáil agus 21 ciliméadar de chonairí siúil.

Chomh maith leis sin, is í Feirm Ghaoithe Chluain Críon an chéad fheirm ghaoithe de chuid Bhord na Móna atá ag cur scoláireachtaí ar fáil do mhic léinn áitiúla. Mar chuid den Scéim Scoláireachtaí Oideachais, tá deontas luach €2,500 faighte ag 13 mhac léinn atá ina gcónaí sa cheantar do gach bliain dá gcúrsaí staidéir i gcomhair uasmhéid de cheithre bliana.

Tá Catherine agus Pat anois ag obair ar thionscadal bonneagair fuinnimh in-athnuaite mórscála – Feirm Ghaoithe Dhoirín an Locha i gCo. Uíbh Fhailí ar láithreán portaigh eile a bhíodh in úsáid chun móin a bhaint as tráth. Beidh an líon céanna tuirbíní ann agus is a bhí i gCluain Críon, ach beidh siad níos mó agus beidh acmhainn fuinnimh in-athnuaite de 126MW á soláthar acu.

Dúirt Catherine gurb í gaoth ar talamh bunchloch phunann fuinnimh in-athnuaite Bhord na Móna. "Ba é Bord na Móna an chéad chuideachta a thóg feirm ghaoithe ar talamh in Éirinn i mBéal Átha Chomhraic, Co. Mhaigh Eo breis is 30 bliain ó shin; ba é sin an túsphointe chomh fada is a bhain le fuinneamh in-athnuaite agus tá feirmeacha gaoithe ar an talamh á bhforbairt againn ó shin i leith.

Is iontach an rud é a bheith ag obair do chuideachta atá ag cabhrú le hathrú atá ag teastáil ó dhaoine. Chuireamar tús leis an aistear sin i bhfad ó shin agus táimid fós ag leanúint ar aghaidh leis an aistear céanna; tá ról beag againn i ról mór atá á chomhlíonadh ag Bord na Móna."




**Catherine Graham,**
Bainisteoir Láithreáin Tógála, Feirm Ghaoithe Chluain Críon
**Pat McManus,**
Bainisteoir Tógála, Bord na Móna

# Méadrach 4
# Bithéagsúlacht

Sonraítear an sprioc seo a leanas in SFI NA 15.5, '*gníomh práinneach agus suntasach a dhéánamh chun díghrádú gnáthóg nádúrtha a laghdú agus chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta.*'

Gné lárnach de straitéis Bhord na Móna mar príomhchuideachta réiteach aeráide a bhfuil an bhithéagsúlacht ag croílár a cuid oibríochtaí é caomhnú raon leathan speiceas a chinntiú lena n-áirítear speiceas éin lena mbaineann imní i ndáil lena gcaomhnú, mar aon le plandaí agus le feithidí atá le fáil sa chúlsoláthar talún 80,000 heicteár.

Tá fianaise ar ghealltanas Bhord na Móna maidir le caomhnú na bithéagsúlachta le fáil i bhforbairt leanúnach chéad Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta eile na cuideachta gcomhtháthú na gcosaintí pailneora agus i reáchtáil staidéir ar speicis, agus tá plé déanta ar gach ceann acu sin thíos.

Cabhraíonn an chuideachta le taifid speicis ar a heastát a chur ar fáil don **Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta**, agus is ball í freisin den Mheitheal Bithéagsúlachta atá liostaithe i **4ú Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta** na hÉireann.

I láthair na huaire, tá Bord na Móna i mbun ullmhúcháin dá Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2024–2029. Beidh cuspóirí atá sonraithe sa 3ú atriall seo ag díriú ar réimsí táscairí éagsúla lena n-áirítear tacú le bithéagsúlacht sa chúlsoláthar talún, mar aon le faireachán bithéagsúlachta, eolas a scaipeadh ar an bpobal maidir le tábhacht na bithéagsúlachta, agus cuspóirí a thugann tuilleadh tacaíochta do choilíniú fásra ar thailte lagphortaigh a raibh úsáid thionsclaíoch á baint astu roimhe seo.

I **bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025 (PUÉP)** – tá Bord na Móna liostaithe mar eagraíocht chomhpháirtíochta agus tá gníomh sonrach le comhlíonadh aige i ndáil le líon láithreáin ar thalamh poiblí a bhainistiú ar bhealach a thacaíonn le pailneoirí. Táthar ag leanúint ar aghaidh le gníomhartha pailneora a chomhtháthú i bhforbairtí atá beartaithe ag Bord na Móna a dhéanamh. Sampla nithiúil d'obair a cuireadh i gcrích le déanaí é tionscadal Iarnróid Velo ag Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí i gCo. Uíbh Fhailí. Cuimsíodh sa phlean don tionscadal, na hoibreacha tógála agus na hoibríochtaí leanúnacha gníomhartha cosanta do na pobail aitheanta den Fhritileán Réisc, *Euphydryas aurinia* (an t-aon speiceas d'fhéileacán atá cosanta in Éirinn) sa cheantar go ginearálta.



**Fíor 6** Fritileán Réisc.

Chuir Bord na Móna a staidéar taighde bithéagsúlachta féin i láthair i Márta 2023 mar chuid de Scéim EDRRS (féach leathanach 14) ag 8ú Comhdháil na hÉireann um Thaighde Éaneolaíoch i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí an staidéar seo dírithe ar tharlú speiceas atá liostaithe ar liosta *4ú Éan lena mBaineann Imní i ndáil lena gCaomhnú in Éirinn* (BoCCI) na hÉireann ar lagphortaigh ardaithe a raibh úsáid thionsclaíoch á baint astu roimhe seo. Tá an liosta BoCCI piarmheasúnaithe ag cur le nós imeachta tosaíochta atá bunaithe cheana féin d'éin in Éirinn lena mbaineann imní i ndáil lena gcaomhnú, agus nuashonraíonn sé, go rialta, liosta na n-éan tosaíochta ar cheart acmhainní caomhnaithe a chur ar fáil lena n-aghaidh. Cuireann sainaithint na ngnáthóg oiriúnach nó na mball te do speicis atá aibhsithe ar an liosta seo ar bhealach suntasach le caomhnú in Éirinn. Mar chuid de thaighde Bhord na Móna bailíodh breathnóireachtaí ó 15 láithreán staidéir i gcúig chontae agus as an 72 speiceas a taifeadadh don staidéar seo, tá stádas caomhnaithe BoCCI4 luaite le 70 speiceas.[2]

Is fianaise iad na torthaí seo go dtacaíonn, go díreach nó go hindíreach, gnáthóga ag na láithreáin staidéir seo, le líon suntasach speiceas éin lena mbaineann imní i ndáil lena gcaomhnú i rith shéasúr an ghoir. Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh le faireachán leanúnach comhthreomhar leis tionscnaimh athshlánaithe tailte portaigh.



Nuashonrú Inbhuanaitheachta Bhord na Móna 2024







**Clé go Deas:**
**Fíor 7** Feadóg Chladaigh (Speiceas atá ar an Liosta Ómra). **Fíor 8** Cosdeargán (BoCCI4 Speiceas atá ar an Liosta Dearg) ar thalamh Bhord na Móna.
**Fíor 9** Riabhóg Mhóna (BoCCI4 Speiceas atá ar an Liosta Dearg) ar eastát Bhord na Móna.

# Méadrach 5
# Athshlánú Tailte Portaigh

Ar fud chúlsoláthar talún Bhord na Móna tá thart ar 37,000 heicteár (ha) de thailte portaigh na hÉireann athshlánaithe ó cuireadh tús leis na tionscnaimh seo den chéad uair sna 1990idí. Is ionann é sin agus breis is 45% de ghabháltas iomlán Bhord na Móna.

Bhí agus beidh ról lárnach ag athshlánú na dtailte portaigh seo ar spriocanna náisiúnta aeráide agus bithéagsúlachta na hÉireann a chomhlíonadh. Tá iarrachtaí athshlánaithe tailte portaigh Bhord na Móna ailínithe go dlúth le SFI 15 – Saol ar an Talamh, agus go háirithe Sprioc 15.3 atá bunaithe ar athchóiriú talún.

Is tionscadal athchóirithe ollmhór tailte portaigh é an **Scéim Fheabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú (EDRRS)** a cheadaigh Rialtas na hÉireann i mí na Samhna 2022, agus atá á mhaoiniú trí Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an AE. Tá EDRRS á riar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), agus tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) ag feidhmiú mar rialtóir na scéime. Páirteach sa scéim seo tá go leor páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear Bord na Móna, an GCC, ENRanna, údaráis áitiúla, eagraíochtaí ionadaíocha agus, an páirtí leasmhar is tábhachtaí ar fad, an pobal áitiúla. Chuir Bord na Móna tús le hathshlánú/le hathchóiriú na dtailte portaigh incháilithe faoi EDRRS in 2021, agus ba í an sprioc a bhí ann *thart ar* 33,000 heicteár dá chúlsoláthar talún a athshlánú faoin scéim seo faoin mbliain 2030. Ag an 31 Márta, 2024, bhí 17,314 heicteár de thailte portaigh a bhí díghrádaithe tráth dá raibh athshlánaithe.



**Fíor 10** Portach Ballaghurt, Co. Uíbh Fhailí roimh oibreacha athshlánaithe EDRRS.



Nuashonrú Inbhuanaitheachta Bhord na Móna 2024

Nuair a bheidh na bearta athshlánaithe curtha i gcrích, cosnóidh na tailte portaigh seo stóráil na milliún tona de charbón, feabhsóidh siad bithéagsúlacht agus cuimseofar iontu meascán de bhogaigh, tailte féaraigh, coillearnach dhúchasach agus portaigh mhóna agus cuirfidh siad le seirbhísí éiceachórais eile a théann chun tairbhe do dhobharcheantair abhann agus a sholáthraíonn maolú tuilte méadaithe.

Is tairbhí comhordúcháin de **Thionscadal LIFE Tailte Portaigh agus Daoine** é Bord na Móna ó Dheireadh Fómhair 2020. Is comhiarracht í an tionscnamh 7 mbliana seo atá á mhaoiniú ag an AE a bhfuil sé mar aidhm leis tailte portaigh a athchóiriú i lár na hÉireann, agus tacú le pobail áitiúla aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Chomh maith leis sin, is comhpháirtí gaolmhar é Bord na Móna do **Thionscadal LIFE Dhúlra an Atlantaigh Fhiáin**, agus cabhraíonn sé leis an tionscnamh seo trí athshlánú 203 heicteár de bhratphortach draenáilte óna eastát ag Tulachán na Seamar, Baile Chruaich, Co. Mhaigh Eo. Is í príomhaidhm an tionscadail 9 mbliana seo atá á mhaoiniú ag an AE, feidhmíocht chaomhnaithe na hÉireann a mhéadú trí 35 bratphortach agus gnáthóga gaolmhara i nDún na nGall, Liatroim, Sligeach, Maigh Eo agus Gaillimh a athshlánú.

15 LIFE ON LAND

PEATLANDS AND PEOPLE

WILD ATLANTIC NATURE LIFE



**Fíor 11** Portach Ballaghurt, Co. Uíbh Fhailí i ndiaidh oibreacha athshlánaithe EDRRS.

# Talamh agus Gnáthóga Bhord na Móna

## Cabhrú leis an dúlra

Tá ról lárnach ag speicis súsáin i bhforbairt gnáthóg portaigh agus tá ról an-tábhachtach acu i bpoitéinseal leithlisithe carbóin tailte portaigh, dar le Mark McCorry, Ceannasaí Éiceolaíochta agus Athshlánaithe Portaigh Bhord na Móna.

**Is í an sprioc atá ag Bord na Móna thart ar 33,000 heicteár de thailte portaigh na cuideachta a athchóiriú agus a athshlánú roimh 2030 mar chuid de Scéim um Gníomhú ar son na hAeráide na dTailte Portaigh (PCAS).**

Is é seo ceann de na cláir athshlánaithe tailte portaigh is mó ar domhan, a bhfuil sé mar aidhm leis úsáid a bhaint as cumhacht nádúrtha tailte portaigh chun na milliúin tona de charbón a shlánú, a laghdú agus a stóráil agus chun cabhrú leis na milliúin tonaí eile a leithlisiú.

Tá breis is 17,000 heicteár de thailte féaraigh Bhord na Móna athchóirithe cheana féin chuig dálaí forbartha móna nó athshlánaithe chuig gnáthóga éagsúla nua do phlandaí agus do speicis dhúchasacha na hÉireann.

Tá Mark McCorry, Ceannasaí Éiceolaíochta agus Athshlánaithe Portaigh Bhord na Móna, ag obair le foireann atá ag baint tairbhe as teicnící bainistíochta uisce éagsúla agus as Súsán a chur chun cabhrú leis an dúlra ar phortaigh a bhí in úsáid chun móin a bhaint roimhe seo.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Mark, "Glactar le speicis Súsáin mar fhorbróirí portaigh agus bítear ag súil go ndéanfaidh siad móin athfliuchta níos doimhne a choilíniú go nádúrtha ar thailte portaigh Bhord na Móna má bhíonn na dálaí timpeallachta oiriúnach."

"D'fhéadfadh roinnt mhaith ama a bheith ag teastáil chun é sin a dhéanamh, áfach, go háirithe i limistéir ina bhfuil móin nocht le fáil ar láithreáin Bhord na Móna a mbíodh móin á baint astu tráth dá raibh. Trí speicis de Shúsán a chur ar na tailte portaigh réitithe seo cuirfear dlús le bunú fásra lán le Súsán mar aon le coilíniú nádúrtha speiceas eile agus beidh sé mar bhonn le gnáthóga tailte portaigh ardaithe níos coitianta a fhorbairt."

I ndeireadh na dála, nuair a bheidh dea-bhail ar na gnáthóga seo, beidh siad níos athléimní, tosóidh siad ag leithlisiú carbóin agus ag forbairt móna arís.

Sula gcuirtear plandaí, ní mór an láithreán a ullmhú ar dtús agus é a athfhliuchadh. Saothraítear plugaí súsáin ón ábhar deontóra ón láithreán ar dtús sula gcuirtear iad i bplotaí sa láithreán. Bíonn suas le hocht speiceas Súsáin le fáil i ngach pluga chun cur leis an seans go dtosóidh Súsán ag fás agus go gclúdóidh sé an láithreán.

Tá Súsán curtha cheana féin in 18 bportach de chuid Bhord na Móna a chlúdaíonn limistéar de 117 heicteár mar chuid de Thionscadal Comhtháite Tailte Portaigh agus Daoine LIFE. Is ionann é sin agus thart ar 325,000 pluga Súsáin, sin 2,700 pluga i ngach heicteár.

Tá go leor plugaí curtha ag fostaithe de chuid Bhord na Móna a raibh baint acu le móin a bhaint roimhe seo, agus a bhfuil cúrsaí oiliúna déanta acu anois ionas gur féidir leo díriú ar athchóiriú agus ar athshlánú tailte portaigh.

Ní tionscadal gan dúshláin é seo: coinníollacha aimsire, an tráth den bhliain agus na coinníollacha comhshaoil is fearr agus is féidir a chur ar fáil do Súsáin – gan a bheith rófhliuch agus gan a bheith róthirim ag an am céanna.

Ceann de na láithreáin ionaclaithe is aibí é Portach an Lóiste i gCill Dara, áit a bhfuil teicnící bainistithe uisce cosúil le blocáil draenacha agus bundú curtha i gcrích sular cuireadh tús le Súsán a chur in 2017.

Chun an triail a thionscnamh, níor cuireadh ach 30 pluga Súsáin. Tá an méid atá ag tarlú inniu an-difriúil: tá níos mó ná deich n-oiread plugaí á gcur anois i gcomparáid le sé bliana ó shin. In áiteanna nach raibh clúdach Súsáin ar bith, tá an clúdach Súsáin cothrom le 25% anois.

Thug Mark le fios gur éirigh thar cionn leis an triail thosaigh ag Portach an Lóiste agus go bhfuil méaduithe suntasacha tagtha ar na rátaí fáis. "Cuireadh na plugaí i limistéir níos fliche agus níos tirime agus tá tulóga móra forbartha anois de roinnt speiceas, fianaise ar an éagsúlacht speiceas a bhí le fáil sna plugaí a cuireadh ar dtús. Tá na tulóga nasctha lena chéile in áiteanna freisin."

Nuair a cuireadh stop le táirgeadh tionsclaíoch móna ar an gcuid seo den Lóiste in 2014, is móin nocht den chuid is mó a bhí le fáil ag an láithreán. Ansin thosaigh an t-athfhásrú nádúrtha le fásra portaigh cosúil le Ceannbhán, Fraoch agus Luachair Bhog.

Bhí an brat fásra foriomlán cothrom le thart ar 25-50% in 2016 tráth a raibh an láithreán athfliuchta; 50% in 2018. Anois, tá an brat fásra cothrom le 90% agus níl an oiread céanna de mhóin nocht le feiceáil.









**Fíor 12** Ionaclú Súsáin de láimh ag Portach Iomros, Co. Chill Dara, i mí na Samhna 2022. **Fíor 13** Tulóg súsáin ag fág ag Portach Iomros, Co. Chill Dara i mí Dheireadh Fómhair 2023.

A luaith a bhí Portach an Lóiste athfhliuchta, bhí fianaise ann go raibh an dúlra ag teacht chun beochta arís. D'fhill speicis d'éin bhogaigh ar an áit, lena n-áirítear an Pilibín, an Naoscach agus an Riabhóg Mhóna a bhí ag pórú, ar speicis d'éin ghoir iad atá ainmnithe ar liosta Dearg na hÉireann agus tá laghduithe suntasacha tagtha ar phobal na n-éan seo trí chéile. Chomh maith leis sin, bhí an Crotach ag pórú sa limistéar de phortach ardaithe in aice láimhe.

Tá an Fritileán Réisc taifeadta ann freisin, speiceas neamhchoitianta féileacáin. In 2009, ní raibh ach láithreán lagphortaigh deimhnithe amháin ag Bord na Móna ag raibh an Fritileán Réisc ag pórú; anois tá an speiceas seo ag pórú ag breis is 30 láithreán.

Dúirt Mark gur fianaise iontach é an speiceas sin ar an tslí is féidir gnáthóg a chur ar fáil do go leor speiceas atá i mbaol sa tírdhreach trí chéile trí thailte portaigh a athfhliuchadh agus a chinntiú go bhfuil dea-bhail orthu.

Is léir gur tionscadal fiúntach de chuid Bhord na Móna é ionaclú Súsáin, agus cuireadh tús le tuilleadh Súsáin a chur san earrach in 2024 agus tá sé beartaithe 375,000 pluga Súsáin eile a chur i rith na bliana.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Mark, "Is stór iontach carbóin iad Tailte Portaigh agus is é an bealach is fearr chun an carbón sin a choinneáil sa talamh agus tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide, a chinntiú go bhfuil dea-bhail ar na tailte portaigh seo."

Tógfaidh sé am chun a chinntiú go mbeidh tailte portaigh Bhord na Móna ag leithlisiú carbóin go gníomhach agus ag feidhmiú mar linn charbóin arís. Tógann athchóiriú éiceolaíoch iomlán am agus cabhróidh an obair athfhliuchta atá á déanamh acu le hastaíochtaí carbóin a laghdú láithreach.

Chomh maith leis sin, dúirt Mark gur teicníc a oibríonn í ionaclú Súsáin, teicníc a úsáidtear go rathúil ar fud na Breataine, na hEorpa agus Cheanada chun tailte portaigh a athchóiriú.

"Níl aon amhras ach gur cheart go mbeadh úsáid á baint againn as na bearta athchóirithe tailte portaigh níos nuaí seo chun dlús a chur le torthaí ar thailte portaigh Bhord na Móna."

PEATLANDS AND PEOPLE



**Mark McCorry,**
Ceannasaí Éiceolaíochta agus Athshlánaithe Portaigh Bhord na Móna

# Méadrach 6
# Athchúrsáil

## Is é Athchúrsáil Bhord na Móna, ceann de na soláthraithe seirbhísí dramhaíola is mó in Éirinn, le breis is 140,000 custaiméir ar fud na tíre.

Díríonn an chuideachta seo go speisialta ar gach gné de bhainistiú dramhaíola neamhghuaisí, lena n-áirítear bailiú agus próiseáil dramhaíola ó chustaiméirí baile, tráchtála, tionsclaíocha, agus tógála & scartála.

Tá réitigh nuálacha bainistíochta dramhaíola Athchúrsáil Bhord na Móna ag cabhrú ar bhealach suntasach leis an aistriú náisiúnta chuig geilleagar ciorclach ina bhfuil síneadh á chur le saolré táirgí. Ag croílár a straitéise tá béim á leagan ar mhéid na dramhaíola atá á chur chuig líonadh talún a laghdú agus cabhrú le hÉirinn dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le stádas aeráidneodrachta a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Tá nádúr oibríochtaí Athchúrsáil Bhord na Móna ailínithe go dlúth le SFI 12 – Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach, agus go háirithe Sprioc 12.5 a bhaineann le laghdú suntasach ar ghiniúint dramhaíola a chinntiú.

Sa bhliain airgeadais roimhe seo, d'athshlánaigh agus d'atreoraigh Bord na Móna 89% den dramhaíl ar fad a bailíodh ó dhiúscairt líonta talún, agus sa tréimhse thuairiscithe seo tugadh méadú beag faoi deara go dtí ráta athshlánaithe de 91%. B'ionann céatadán téarnaimh idir tús agus lár na nóchaidí agus buaicphointe nádúrtha don chuideachta, agus d'fhéadfadh méaduithe amach anseo a bheith dúshlánach. Go deimhin, d'fhéadfadh tionchair neamhbheartaithe phoitéinsiúla na Scéim Taisce agus Fillte (STF) nua a bheith mar bhonn le líon na gcoimeádán dí a laghdú a bheidh á n-athchúrsáil san araid rothaí baile. Cuirfear eolas maidir le haon tionchar dá leithéid ar fáil i Nuashonrú Inbhuanaitheachta na bliana seo chugainn.

I rith na bliana, cúis áthais d'Athchúrsáil Bhord na Móna go bhfuair sé aitheantas seachtrach dá réitigh bainistíochta dramhaíola. Bronnadh an chéad duais air sa chatagóir *Oibritheoir Aisghabhála Dramhaíola – Tráchtáil agus Teaghlaigh* ag naoú Gradam Bliantúil Pakman i mí Dheireadh Fómhair 2023. Reáchtáiltear na gradaim seo ar bhonn bliantúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar bharr feabhais a bhaineann le hathchúrsáil, bainistíocht fuinnimh agus dramhaíola.







### Saoráidí Ceadúnaithe GCC

1. Athchúrsáil Bhord na Móna Phort Laoise
2. Athchúrsáil Bhord na Móna Thulach Mhór
3. Athchúrsáil Bhord na Móna an Aonaigh
4. Athchúrsáil Bhord na Móna na hUaimhe
5. Athchúrsáil Bhord na Móna Lusca
6. Athchúrsáil Bhord na Móna Ros Láir
7. Ionad Conláiste Cathartha Chnoc Saileata
8. Ionad Conláiste Cathartha Bhaile Átha Í
9. Saoráid Líonta Talún/Múirínithe/Líonta Talún Gáis an Droichid




**Fíor 14** Cormac Manning (Ceannasaí Athchúrsáil Bhord na Móna) ag glacadh leis an ngradam, 'Oibritheoir Aisghabhála Dramhaíola – Tráchtáil agus Teaghlaigh' ag Gradaim Pakman 2023, ó Jim Kells.
**Fíor 15** Léarscáil de shaoráidí ceadúnaithe GCC á mbainistiú ag Athchúrsáil Bhord na Móna.



Nuashonrú Inbhuanaitheachta Bhord na Móna 2024

## 50,000+

**Líon na gcustaiméirí teaghlaigh, tuaithe den chuid is mó, a bhainfidh tairbhe as bosca bruscair donn nua chun a gcuid dramhaíola orgánaí a athchúrsáil.**




## Breis is 220 Feithicil

**i bhflít bailithe Athchúrsáil Bhord na Móna, lena n-áirítear an chéad RCV atá go hiomlán leictreach in Éirinn.**



# Athchúrsáil
# Bord na Móna

## Éire á treorú i dtreo geilleagair chiorclaigh trí thacú le mic léinn a bheith níos airdeallaí ar dhramhaíl.

**Thug Helena O'Connell, Bainisteoir Straitéis Tráchtála Athchúrsáil Bhord na Móna le fios gurb é an aidhm atá le Comórtas Uaschúrsála na Scoileanna aird leanaí bunscoile a tharraingt ar bhainistíocht dramhaíola fhreagrach agus ar an ngeilleagar ciorclach trí earraí nuálacha a chruthú ó rudaí a chaitear sa bhosca bruscair go minic.**

Tá Bord na Móna ag cabhrú chun roinnt príomhchuspóirí de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais a chomhlíonadh ní hamháin i ndáil le giniúint fuinnimh in-athnuaite agus athrú talamhúsáide, ach i ndáil le hathchúrsáil agus le bainistiú dramhaíola freisin.

Is í fís na cuideachta go mbeidh Éire aeráidneodrach faoi 2050 – todhchaí ina mbeidh Éire aeráidneodrach – agus is chuige sin atá Bord na Móna i mbun athmhachnaimh ar réitigh dramhaíola don ghníomhú ar son na haeráide agus chun Éire a threorú i dtreo geilleagair chiorclaigh.

Tá Bord na Móna ag díriú ar spéis daoine óga a mhúscailt san aistear sin agus tacú le bainistiú dramhaíola níos freagraí.

Seoladh an chéad Chomórtas Uaschúrsála do Scoileanna in earrach 2024 mar dhúshlán oideachais do leanaí bunscoile chun aird a tharraingt ar uaschúrsáil mar chleachtas atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus chun mic léinn a spreagadh chun a bheith cruthaitheach agus rud éigin nua a dhéanamh as rud éigin a d'fhéadfaí glacadh leis mar dhramhaíl.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Helena O'Connell, Bainisteoir Straitéis Tráchtála Athchúrsáil Bhord na Móna, "Is é an cuspóir atá le Comórtas Uaschúrsála na Scoileanna cabhrú le hÉirinn a bheith níos airdeallaí ar dhramhaíl trí eolas a roinnt le hathchúrsálaithe na todhchaí ionas gur féidir leo difríocht a dhéanamh ina bpobal féin agus cabhrú le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do gach duine."

"Mar cheann de na cuideachtaí bainistithe dramhaíola is mó in Éirinn, is cúis bhróid d'Athchúrsáil Bhord na Móna, agus glacann sé le freagracht as an ngealltanas atá tugtha aige maidir le hoideachas agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil.

Creideann foireann Bhord na Móna go mbaineann tábhacht le freagracht agus le feasacht comhshaoil a spreagadh i measc daoine óga; ní hamháin eolas a roinnt le leanaí maidir leis na buntáistí a bhaineann le hathchúrsáil, ach iad a spreagadh chun difríocht mhór a dhéanamh freisin."

Más mian leo iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas, ní mór do mhic léinn tairbhe a bhaint as a gcruthaitheacht chun earraí dramhaíola nó earraí atá caite amach a athúsáid mar earraí nuálacha agus feidhmiúla i gcatagóirí cosúil le maisiúcháin tí, faisean, oiriúintí, uirlisí agus giuirléidí. Is féidir le mic léinn iarratais aonair a dhéanamh, nó iarratais a dhéanamh mar fhoirne nó mar rang.





**Fíor 16** Shane Mackey agus Lauralouise Reay ó Athchúrsáil Bhord na Móna ag bronnadh seic luach €5000 ar an bPríomhoide Frankie Uí Fhrainclín agus ar mhic léinn Ghaelscoil Chaladh an Treoigh, Co. Luimneach, buaiteoirí an Chéad Chomórtas Uaschúrsála do Bhunscoileanna.
**Fíor 17** Mic léinn Ghaelscoil Chaladh an Treoigh ag obair go crua ar an dtionscadal Uaschúrsála duaisbhuaiteach.





Bhí an méid seo a leanas le rá ag Helen, "Trí dhúshlán na mac léinn a thabhairt chun ábhair atá caite amach a athchruthú mar earraí nua agus úsáideacha, spreagann an comórtas seo athrú i dtreo cleachtas tomhaltais agus bainistithe dramhaíola níos inbhuanaithe."

"Tríd an bpróiseas uaschúrsála, ní hamháin go sealbhaíonn mic léinn scileanna praiticiúla, éiríonn leo teacht ar thuiscint níos fearr ar shaincheisteanna agus ar réitigh chomhshaoil freisin."

Mar chuid den tionscnamh seo, faigheann gach scoil rannpháirteach pacáiste eolais ina bhfuil quizeanna spraíúla, puzail agus leideanna athchúrsála chun cabhrú le hoideachas a chur ar leanaí agus chun a spéis a mhúscailt in athchúrsáil agus éifeacht na diúscartha dramhaíola míchuí – mar shampla, na céadta blianta a thógann sé chun buidéal plaisteach a dhíghrádú mura n-athchúrsáiltear agus mura ndiúscraítear é i gceart.

Chomh maith leis sin, tugann baill foirne Athchúrsáil Bhord na Móna cuairt ar scoileanna nuair a iarrtar orthu labhairt le leanaí maidir le hathchúrsáil agus chun feasacht a mhúscailt ar bhainistiú dramhaíola inbhuanaithe agus an geilleagar ciorclach – céim shuntasach eile chun cinn i ndáil leis na glúnta amach anseo a spreagadh.

Tá Comórtas Uaschúrsála na Scoileanna fréamhaithe i gcuspóirí agus i luachanna bunúsacha Bhord na Móna maidir le hathchúrsáil agus bainistíocht acmhainní. Trí thacú le huaschúrsáil, tá sé ag tacú go gníomhach le hathrú i dtreo cur chuige níos inbhuanaithe maidir le bainistiú dramhaíola.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Helena, "Is fianaise é an comórtas seo ar ár dtiomantas do phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Seachas glacadh leis gur cheart dramhaíl a dhiúscairt, glacaimid le dramhaíl mar acmhainn luachmhar ar féidir athúsáid a bhaint aisti."

"Trí uaschúrsáil a spreagadh, táimid ag tacú go gníomhach le hathúsáid agus le hathearraíocht a bhaint as ábhair, síneadh a chur lena saolré agus iada choinneáil sa gheilleagar le haghaidh tréimhse níos faide."

Bhí na moltóirí thar a bheith tógtha '*leis an tslí ar léirigh na mic léinn sárscileanna taobhsmaointeoireachta trí ábhair a uaschúrsáil, ábhair a úsáid chun saothair ealaíne úsáideacha a chruthú agus i ndeireadh na dála, teacht ar réiteach marthanach ar fhadhb dháiríre*'.

Bronntar duais luach €5000 ar an scoil bhuaiteach, agus bronntar turas treoraithe ar Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí agus ar Fheirm Gaoithe Dhroim Cáithe Bhord na Móna, ar an rang buaiteach, deis eile fós chun aird na mac léinn a tharraingt ar an obair atá á déanamh ag an gcuideachta chun cabhrú le cuspóirí aeráide na hÉireann.

Léiríodh go leor spéise sa chomórtas. Fuarthas na céadta iontrálacha ó scoileanna ar fud na tíre agus léirigh múinteoirí an-spéis sa chomórtas ar na meáin shóisialta. Dúirt Helena go raibh an spéis a léirigh scoileanna agus fostaithe araon i gComórtas Uaschúrsála na Scoileanna an-dearfach. "Thapaigh scoileanna an deis chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh praiticiúil, oideachais a spreagann inbhuanaitheacht agus cruthaitheacht i measc mac léinn."

Táthar ag súil go mbeidh an comórtas á rolladh amach i meánscoileanna amach anseo de réir mar a bheidh Bord na Móna ag leanúint ar aghaidh lena iarrachtaí spéis na chéad ghlúine eile athchúrsálaithe a mhúscailt agus eolas a roinnt leo.

Dúirt Helena go bhfuil ról lárnach ag gnó Athchúrsáil Bhord na Móna i gcuspóirí aeráide a chomhlíonadh trí ghás líonta talún a aistriú go leictreachas, trí athchúrsáil phlaisteach a mhéadú agus trí réitigh nuálacha bainistithe dramhaíola a chur ar fáil do na mílte teaghlach agus gnóthaí in Éirinn.

"Trí chabhair a fháil ó scoileanna in Éirinn agus trí rath Chomórtas Uaschúrsála na Scoileanna, cúis áthais dúinn gur féidir linn leanúint ar aghaidh le líonadh talún a laghdú, le hacmhainní a aisghabháil agus le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do gach duine."



**Helena O'Connell,**
Bainisteoir Straitéis Tráchtála
Athchúrsáil Bhord na Móna

# Méadrach 7
# Folláine Fostaithe

## Is í fís Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉ&I) Bhord na Móna timpeallacht chomhionann, éagsúil agus ionchuimsitheach a chruthú inar féidir le comhghleacaithe a gcuid oibre a dhéanamh go díograiseach agus a bheith mórtasach as a bheith ag obair d'fhostóir a thacaíonn le CÉ&I.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sharon Doyle, Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha Bhord na Móna, "Táimid tiomanta dár n-aistear i dtreo sochaí atá comhionann, éagsúil agus ionchuimsitheach a fhorbairt. Trína chinntiú go bhfuil ról lárnach ag comhghleacaithe inár gcuid oibre ar fad, tá sé tábhachtach go dtuigimid sainroghanna ár gcomhghleacaithe difriúla agus go gcruthaímid cultúr ina bhfuiltear ag tacú le difríochtaí san áit oibre."

Tá foireann bainistíochta shinsearach Bhord na Móna ag aontú leis an bhfís seo freisin agus ag leanúint ar aghaidh le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a leabú sa ghnó. Tá foghlaim leanúnach agus cur chun feidhme CÉ&I á n-éascú trí Oiliúint Cheannaireachta Ionchuimsithigh a chomhtháthú do gach bainisteoir daoine ar fud ghrúpa Bhord na Móna.

**Tá ár straitéis CÉ&I agus táscairí ailínithe le dhá SFI-NA:**

- Sprioc 5 – Comhionannas Inscne agus Sprioc 5.5 atá tiomanta do rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach agus do dheiseanna ceannaireachta comhionanna do mhná.
- Sprioc 8 – Obair Mhaithe agus Fás Geilleagrach agus Sprioc 8.5 tacú le fostaíocht iomlán agus tháirgiúil agus obair mhaith do gach duine, mar aon le pá comhionann.

Tá sé mar aidhm le sprioc SFI-NA 5.5, 'Rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach na mban a chinntiú agus deiseanna comhionanna do cheannaireacht ag gach leibhéal cinnteoireachta sa saol polaitiúil, geilleagrach agus poiblí'; is é táscaire inmheánach Bhord na Móna don SFI seo an céatadán ban a bhfuil poist bhainistíochta acu, atá cothrom le 43% ag deireadh na bliana airgeadais.

Tá Bord na Móna tiomanta do dheiseanna forbartha gairme agus tacaíochtaí dul chun cinn a thabhairt do mhná ar fud na heagraíochta, agus cur ar chumas Bhord na Móna iarrachtaí a fheabhsú chun tacú ar fud na leibhéal bainistíochta. Is fianaise ar an méid sin é seoladh ár gcláir dar teideal Acadamh Meantóireachta na mBan – Tionchar Dearfach, agus ar leathanach 24 tá agallamh a rinneadh le Sarah Gallagher ar fáil ina dtugtar forléargas ar an Acadamh seo.









**Fíor 18** Plé meantóireachta le Yemi Adenuga (Aoichainteoir) agus Marina Koncani & Lisa McEntee (ó Bhord na Móna) ag an imeacht a d'eagraíomar do Lá Idirnáisiúnta na mBan 2024. **Fíor 19** Richie Sadlier agus Matt Cooper i mbun cúrsaí Meabhairshláinte a phlé ag an imeacht a d'eagraíomar do Lá Idirnáisiúnta na bhFear 2023. **Fíor 20** Sarah Gallagher (Speisialtóir AD) i dteannta le Joanne O'Riordan (Aoichainteoir), Tom Donnellan (Príomhfheidhmeannach) agus Sharon Doyle (Ceannasaí AD & Gnóthaí Corparáideacha).





Chuir bunú Acadamh Meantóireachta na mBan – Tionchar Dearfach le téama an fheachtais, 'Ionchuimsiú a Spreagadh' do Lá Idirnáisiúnta na mBan 2024. I mí Márta, cúis áthais do Bhord na Móna fáilte a chur roimh Yemi Adenuga, an chéad ionadaí poiblí baineann gorm a toghadh in Éirinn, inár nOifig i nDroichead Nua chun páirt a ghlacadh i bplé spéisiúil faoi ról suntasach na meantóireachta agus faoin tábhacht a bhaineann le háit oibre níos ionchuimsithí a chothú ar mhaithe le timpeallacht níos cothromasaí agus níos tacúla a chruthú do gach duine.

Mar chuid den imeacht seo, bhí beirt mheantaithe ó Acadamh Meantóireachta na mBan – Tionchar Dearfach i dteannta le Yemi chun plé a dhéanamh ar a dtaithí féin ar an gclár. Trí chultúr meantóireachta a chothú is féidir dlús a chur leis an ráta athraithe a chinntiú go bhfuil deiseanna comhionanan ag mná chun páirt a ghlacadh in agus chun próisis chinnteoireachta ag gach leibhéal a stiúradh.

Tá an sprioc seo a leanas sonraithe in SFI NA 8.5, "Faoi 2030, fostaíocht iomlán agus tháirgiúil agus obair mhaith a chinntiú do gach fear agus bean, lena n-áirítear daoine óga agus daoine faoi mhíchumas, agus pá comhionann d'obair lena mbaineann luach comhionann," agus tá dualgas ar Bhord na Móna tuarascáil bhliantúil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a fhoilsiú. Sa tuarascáil is déanaí a foilsíodh, léiríodh sa bhearna phá airmheánach idir na hinscní laghdú bliain i ndiaidh bliana ó dheilte de -8.2% go dtí -5.2%. Tá na figiúirí seo á gcur i láthair i gcomhthéacs fhoireann oibre fhireann den chuid is mó a bheith ag Bord na Móna riamh anall agus is fianaise iad ar thiomantas na cuideachta do chomhionannas agus d'fhoireann oibre níos éagsúla a fhorbairt le bliana beaga anuas.

Díreach cosúil le blianta roimhe seo, chomhordaigh an fhoireann AD inmheánach agus Grúpa Stiúrtha CÉ&I sraith tionscnamh a bhain le sláinte agus folláine i rith na bliana mar aon le himeachtaí feasachta do Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas agus Lá Idirnáisiúnta na bhFear 2023. Ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas thug Joanne O'Riordan caint bhríomhar faoin tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt do mhíchumas sofheicthe agus dofheicthe, agus ar Lá Idirnáisiúnta na bhFear reáchtáladh imeacht cumhachtach, mothúchánach agus ionraic i halla an bhaile faoi 'deireadh a chur le féinmharú i measc na bhfear,' imeacht a d'éascaigh Richie Sadlier agus Matt Cooper.

Tá fianaise ar thiomantas Bhord na Móna do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a leabú go leanúnach ar fud na heagraíochta le fáil ina chreidiúnú bunaithe ar Ghradaim Airgid agus Chré-umha Infheisteoirí Éagsúlachta a fuarthas ó Ionad na hÉireann um Éagsúlacht le blianta beaga anuas.

Is é an gradam Infheisteoirí Éagsúlachta an t-aon chreidiúnú uilechuimsitheach Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta do ghnó in Éirinn agus tá IBEC agus Ionad Bairr Feabhais um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú DCU ag tacú go bródúil leis. Tá Bord na Móna thar a bheith bródúil as an ngradam seo de bhrí go bhfuil sé i measc ceann amháin de 100 eagraíocht in Éirinn a bhfuil an creidiúnú measúil seo bronnta air.

Ba í príomhsprioc CÉ&I Bhord na Móna do 2024 athchreidiúnú Airgid Infheisteoirí Éagsúlachta a fháil, i ndiaidh stádais Airgid a bhaint amach i mí Feabhra 2022 mar gheall ar thiomantas do chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú san áit oibre.

I rith na bliana, cúis áthais do Bhord na Móna stádas athchreidiúnaithe Airgid a bhaint amach ó Ionad um Éagsúlacht na hÉireann. Athdhearbhaíonn an cleachtadh tagarmharcála seo go bhfuil cleachtais CÉ&I leabaithe ag Bord na Móna ar fud na cuideachta agus go bhfuil tuiscint ar chothroime agus ar mhuintearas forbartha agus cothaithe i measc na gcomhghleacaithe ar fad.




Fíor 21 Baill de Choiste Stiúrtha CÉ&I Bhord na Móna agus an phlaic don Athchreidiúnú Airgid ó Ionad um Éagsúlacht an hÉireann á taispeáint acu.



# Bord na Móna
# Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine

## Fás a Chothabháil trí Chumhachtú agus Meantóireacht na mBan

Tá Acadamh Meantóireachta na mBan Bhord na Móna ag cabhrú chun an chéad ghlúin eile de cheannairí agus de bhainisteoirí sinsearacha a chothabháil.

**Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sarah Gallagher, Comhpháirtí Gnó AD Bhord na Móna, "Is ionann Acadamh Meantóireachta na mBan agus gné d'iarracht Bhord na Móna níos mó comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a chinntiú san áit oibre agus tá mná ar fud na cuideachta."**

Mar bhonn le rath Bhord na Móna chun aistriú chuig cuideachta atá bunaithe ar réitigh aeráide bhí foireann oibre níos éagsúla agus cultúr ionchuimsitheach ina spreagtar agus ina dtacaítear le fostaithe chun a bheith páirteach, chun rath a bheith a orthu, chun forbairt a dhéanamh agus chun dul chun cinn a dhéanamh chun barr a gcumais a bhaint amach.

Is fír den chuid is mó a bhí ag obair don chuideachta riamh anall, ach is príomhchuspóir é anois tacú le mná atá ag obair do Bhord na Móna chun forbairt a dhéanamh agus chun dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha.

Le blianta beaga anuas, d'éirigh le struchtúr rialachais Bhord na Móna dul chun cinn suntasach a dhéanamh – comhdhéanamh 50:50 idir fhir agus mhná ar an mBord Stiúrthóirí.

Garsprioc thábhachtach eile a bhain le haistear Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉ&I) na cuideachta ba ea foilsiú an chéad Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní de chuid Bhord na Móna, a léiríonn an dul chun cinn agus an gealltanas atá tugtha maidir le foireann oibre níos éagsúla a cheapadh.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sarah Gallagher, Comhpháirtí Gnó AD Bhord na Móna, "Tá béim shuntasach á leagan ag Bord na Móna ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉ&I)." "Is é an aidhm atá againn timpeallacht chomhionann, éagsúil agus ionchuimsitheach a chruthú agus a sholáthar ina mbíonn deis ag comhghleacaithe a gcuid oibre is fearr a dhéanamh agus barr a gcumais a bhaint amach."

Bhí eispéireas agus rannpháirtíocht fostaithe ag croílár fhorbairt Bhord na Móna mar chuideachta réiteach aeráide agus is tosaíocht shuntasach é seo fós don chuideachta.

Cuid den straitéis seo é CÉ&I a chuimsiú i ngach gné de shaolré an fhostaí lena n-áirítear earcú agus roghnú, oiliúint agus forbairt, bainistíocht feidhmíochta agus tallainne.

In 2023, sheol an chuideachta Acadamh Meantóireachta na mBan, 'Tionchar Dearfach.' Ba é an aidhm a bhí leis an gclár bliana seo deiseanna meantóireachta a chur ar fáil do mhná atá ag obair i mBord na Móna chun tacú lena bhforbairt agus chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn ag leibhéal bainistíochta sa chuideachta.

D'oibrigh Bord na Móna i gcomhpháirt le cuideachta shainchomhairleoireachta sheachtrach chun an clár meantóireachta a sholáthar. Ghlac le mná a bhfuil poist cheannaireachta shinsearacha acu sa chuideachta le ról an mheantóra do mhná atá i mbun ról níos sóisearaí nó do mhná a bhí díreach ag tosú amach.



**Fíor 22** Baill d'Acadamh Meantóireachta na mBan.








**Fíor 23** Imeacht Lá Idirnáisiúnta a reáchtáil Bord na Móna.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sarah, "Theastaigh uainn cur leis an obair a bhí á déanamh sa chuideachta cheana féin – deighilt inscne 50:50 idir fhir agus mhná a bheith baint amach."

"Tá dul chun cinn maith déanta againn ag leibhéal Boird, ach táimid ag iarraidh tacú le mná chun an chéad chéim eile a thógáil ina ngairm agus díriú ar phoist bhainistíochta shinsearacha ar fud na cuideachta. Tá Acadamh Meantóireachta na mBan dírithe ar fhorbairt ghairmiúil agus ar líonraí a fhorbairt: mná a spreagadh chun dul chun cinn a dhéanamh sa chuideachta agus tacaíocht a sholáthar mar aon le deis chun labhairt le mná a bhfuil poist níos sinsearaí acu faoina dtaithí féin, faoi dhúshláin a shárú agus faoi chothromaíocht mhaith oibre is saoil a chinntiú."

Thug Sarah le fios gur theastaigh uathu a chinntiú go raibh daoine a raibh dea-chaidreamh oibre eatarthu ag obair lena chéile agus as aonaid ghnó dhifriúla chun cabhrú le rannpháirtithe a líonra a fhorbairt agus níos mó a fhoghlaim faoin méid a bhí ag tarlú ar fud na cuideachta.

Eagraíodh cúrsaí oiliúna do na meantóirí agus do na meantaithe, mar aon le próifíliú léargais. Fuarthas aiseolas iontach maidir leis seo ó na rannpháirtithe de bhrí gur chabhraigh sé leo a bpearsantacht féin san áit oibre a thuiscint, conas a oibríonn siad le daoine eile, a láidreachtaí agus réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú.

Moladh do na meantóirí agus do na meantaithe bualadh lena chéile uair sa mhí. Chomh maith leis sin, eagraíodh roinnt máistir-ranganna do rannpháirtithe maidir le hábhair cosúil le hacmhainneacht a fhorbairt, líonrú éifeachtach agus éifeachtacht phearsanta.

Tríd is tríd, d'éirigh go breá leis an gclár. Thuairiscigh na mná a ghlac páirt torthaí dearfacha cosúil le bheith níos féinfheasaí agus níos muiníní, agus ag an am céanna d'éirigh leo líonraí a fhorbairt, a stíl cheannaireachta a fhorbairt agus níos mó béime a leagan ar fhorbairt ghairme agus ar dhul chun cinn a dhéanamh laistigh den chuideachta.

Chomh maith leis sin, bhí fonn orthu an caidreamh a bhunaigh siad a fhorbairt amach anseo, fianaise chinnte ar éifeachtacht an chláir.

Deir Sarah gur léir go bhfuil gá le meantóireacht san áit oibre agus go mbeidh Bord na Móna ag cur lena chlár meantóireachta chun deis a thabhairt do gach fostaí ar mian leo páirt a ghlacadh ann. Beidh rogha ann fós tairbhe a bhaint as meantóireachta na mban a bheidh dírithe go sonrach ar éagsúlacht inscne agus ar mhná a chumhachtú san áit oibre.

"Ionas gur féidir le Bord na Móna a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh tá gá le fuinneamh, dinimiceas, smaointe nua agus peirspictíochtaí difriúla – trína chinntiú go bhfuil áit oibre éagsúil againn éireoidh linn leanúint ar aghaidh leis na cuspóirí seo a chomhlíonadh.

Tá iarracht á déanamh againn cultúr d'ionchuimsiú, de chóimheas agus de dheiseanna comhionanna a chruthú do chomhghleacaithe. Chabhraigh Acadamh Meantóireachta na mBan go mór linn chun na bunsraitheanna a leagan agus is ag fás a bheimid as seo amach agus béim á leagan againn ar thacú le coinneáil agus cur chun cinn na mban i mBord na Móna."

**Sarah Gallagher,**
Comhpháirtí Gnó AD Bhord na Móna



# Méadrach 8
# Rannpháirtíocht sa Phobal, Tairbhe agus Comhpháirtíochtaí

Is ceisteanna casta iad na dúshláin a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide, an dícharbónú agus samhail gheilleagrach níos inbhuanaithe do dhaoine agus don phláinéad a éilíonn iarrachtaí comhordaithe in earnálacha éagsúla agus ó pháirtithe leasmhara éagsúla.

Tá aitheantas tugtha don ghá atá le cur chuige comhoibritheach in SFI NA 17 – Comhpháirtíocht le haghaidh na gCuspóirí. Tá cur chuige Bhord na Móna maidir lena rannpháirtíocht thráchtála agus bainistíocht páirtithe leasmhara fréamhaithe i gcomhpháirtíochtaí éifeachtacha a spreagadh go bunúsach – ag teacht le sprioc SFI 17.H comhpháirtíochtaí poiblí, poiblí/príobháideacha agus sochaí sibhialta a spreagadh agus a chur chun cinn. Sa chomhthéacs poiblí agus poiblí/príobháideach i rith na bliana airgeadais, d'fhógair Bord na Móna torthaí na gcomhpháirtíochtaí atá bunaithe cheana féin agus na deiseanna a bheidh ann amach anseo chun obair a dhéanamh le heintitis eile. Ina measc seo tá feirm ghaoithe Chluain Críon a choimisiúnú, tús a chur leis an obair thógála ag feirm Ghriancheall Fótavoltach Thigh Mochua Thuaidh i dteannta le BSL, comhfhiontar 800 MW a shíniú le SSE Renewables agus fáiltiú roimh Sheirbhísí Gréasáin Amazon (AWS) mar an chéad ghnó chun páirt a ghlacadh inár bPáirc Éicifhuinnimh i Lár na Tíre. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh Bord na Móna le cuideachtaí tráchtála leath-Stáit eile chun cabhrú le Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide an rialtais.[3]

Ní hamháin go bhfuil freagracht ar Bhord na Móna i ndáil lena pháirtithe leasmhara, an timpeallacht agus a fhostaithe, áfach, tá freagracht air a bhaineann leis an tsochaí shibhialta go ginearálta agus leis na pobail a bhfuil sé ag feidhmiú iontu. Is mian leis an gcuideachta gníomh a spreagadh agus tacú le hathrú inbhuanaithe dearfach i lár na tíre. D'éirigh le 10 bhfostaí de chuid Bhord na Móna, a bhí ag díriú ar oibríochtaí móna roimhe seo, cúrsa creidiúnaithe Leibhéal 5 NFQ a dhéanamh mar chuid den Chlár Tús Úr: Do Ghnó Féin a Chur ar Bun. Tá an clár seo ag cur le Luasaire Glas[4] Bhord na Móna atá anois á reáchtáil don tríú bliain. Is luasaire tionchair é Luasaire Glas a bhfuil sé mar aidhm leis timpeallacht chomhoibritheach a a chruthú do chuideachtaí nua, atá bunaithe ar shamhlacha gnó inbhuanaitheachta nó ísealcharbóin agus deis a thabhairt dóibh a bheith ag obair le chéile, ag foghlaim óna chéile, agus a ngnóthaí a fhorbairt agus díriú ar an gcéad leibhéal eile. Go dtí seo, mheall na cuideachtaí seo breis is €10m de chaipiteal fiontair agus mhéadaigh siad a bhfoirne oibre 75%.

I dtéarmaí táscaire maidir le conas a oibríonn Bord na Móna i gcomhpháirt leis an tsochaí shibhialta, i mbliana, chuir an chuideachta breis is €1m ar fáil do phobail do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bainistíochta dramhaíola. Cuirtear airgead ar fáil, ar bhealach soiléir agus trédhearcach, do raon eintiteas lena n-áirítear comharsana, clubanna spóirt, scoileanna agus grúpaí pobail, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus carthanais, eintitis a bhfuil ar a gcumas seirbhísí, taitneamhachtaí agus tacaíochtaí luachmhara a chur ar fáil ina gcomharsanachtaí féin.

17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS






Nuashonrú Inbhuanaitheachta Bhord na Móna 2024







**Fíor 24** POF Bhord na Móna, Tom Donnellan, le hionadaithe ó na hocht gcuideachtaí rannpháirteacha Luasaire Glas ag an gComhdháil Bhliantúil Luasaire Glas in Óstán Tullamore Court. **Fíor 25** Obair thógála ag Grianfheirm Thigh Mochua Thuaidh i gcomhpháirt le BSL. **Fíor 26** Giomnáisiam faoin aer, sampla den raon éagsúil tionscadal agus tionscnamh a bhfuil scéimeanna agus comhpháirtíochtaí leasa pobail Bhord na Móna ag tacú leo.

# TNAA Tuairisciú

Chuir Bord na Móna a aistriú Donn agus Glas i gcrích i mí na Nollag 2023 tráth ar dódh móin den uair deiridh ag Stáisiún Cumhachta Éadan Doire.


Mar chuideachta, tá Bord na Móna anois ag díriú ar fhorbairt thráchtála agus ar réitigh aeráide a chur ar fáil.

Ní haon ionadh é mar sin, go bhfuil béim chomhchuimseach á leagan, laistigh den eagraíocht, ar na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis an athrú, oiriúnú agus maolú aeráide. Roimhe seo thug Bord na Móna le fios go raibh a chur chuige maidir le riosca aeráide á ailíniú eile leis an Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Airgeadais a bhaineann le hAeráid (TNAA) a d'fhorbair an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (BCA) in 2015.

Dheimhnigh BCA[5] go mbeadh Bord Idirnáisiúnta na gCaighdeán Inbhuanaitheachta (BICI) ag glacadh l freagracht as faireachán a dhéanamh ar nochtuithe aeráide ó 2024 ar aghaidh, i ndiaidh glacadh le caighdeán S1 agus S2 do nochtuithe Inbhuanaitheachta agus Aeráide, faoi seach. De bhrí go mbeidh Bord na Móna i mbun tuairiscithe de réir TTIC dá nochtuithe BA26, áfach, agus ag cur san áireamh go dtagraítear in E1 CETI don Athrú Aeráide don TNAA (agus treoir ghaolmhar), tá sé stuama agus éifeachtúil, dá réir sin, leanúint ar aghaidh ag ailíniú le TNAA nuair a bhíonn rioscaí athraithe aeráide á meas.

Tá leagan amach na rannóige seo de Nuashonrú Inbhuanaitheachta BA24 ag teacht leis an struchtúr a mhol TNAA. Dá réir sin, déantar cur síos ar struchtúr rialachais na cuideachta; straitéis; cur chuige maidir le bainistíocht riosca, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le rioscaí fisiciúla agus idirthréimhseacha, athléimneacht agus maolú; agus tagraítear dár méadracht agus spriocanna freisin.

### Comhpháirteanna Cleachtais Ghnó TNAA




**Fíor 27** Struchtúr ardleibhéil chreat TNAA.






## Rialachas

Bunaíodh Bord Bhord na Móna cpt faoi fhorálacha Acht Forbartha Móna, 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna Forbartha Móna. Tá an Bord cuntasach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach mórcheist gnó, lena n-áirítear rioscaí agus deiseanna aeráide.

Cuimsítear i bhfeidhmeanna tarmligthe Choiste Ainmniúchán & Rialachais an Bhoird, *inter alia*, treoir a thabhairt maidir le Straitéis ESG & Inbhuanaitheachta an Ghrúpa, tuarascálacha rialta a fháil ó Cheannasaí na hInbhuanaitheachta Corparáidí maidir le gníomhaíochtaí agus dul chun cinn atá á ndéanamh i ndáil le cleachtais ESG & Inbhuanaitheachta an Ghrúpa, agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna aeráide i gcomhpháirt leis an gCoiste Riosca agus Iniúchta.

Is é an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil Bhord na Móna cpt. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta shinsearach cloí leis an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach Stiúrthóir Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar phointe teagmhála díreach idir Bord agus foireann bainistíochta Bhord na Móna cpt.

### Struchtúr ESG na hEagraíochta




**Fíor 28** Scéimléaráid an Struchtúir Rialachais do shaincheisteanna Riosca Aeráide agus Inbhuanaitheachta Corparáidí.

# TNAA Tuairisciú ar lean

## Straitéis

I rith na bliana airgeadais deiridh d'éirigh le Bord na Móna an ghné deiridh dá ghealltanais straitéiseacha Donn go Glas a sheachadadh, tráth ar tiontaíodh an seanstáisiún cumhachta móna ag Éadan Doire go dtí stáisiún atá á rith go heisiach ar bhithmhais inbhuanaithe. Tá an eagraíocht athraithe go hiomlán agus bunaithe anois mar chuideachta Réiteach Aeráide ag a bhfuil straitéis atá dírithe go hiomlán ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, athchúrsáil & bainistíocht dramhaíola fhreagrach, portaigh na hÉireann a athshlánú, agus fiontair ísealcharbóin bhreise a fhorbairt[6], gníomhaíochtaí geilleagracha atá aitheanta mar ghníomhaíochtaí atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' faoi aicmiú Thacsanomaíocht an AE.

## Bainistíocht Riosca

Tá Córas Bainistíochta Riosca corparáideach bunaithe ag Bord na Móna, córas atá deartha agus curtha chun feidhme chun ailíniú le treoir a bhfuil cur síos déanta uirthi sa Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit. Ag leibhéal oibríochtúil, cuirtear an próiseas sainaitheanta Riosca i gcrích go leanúnach i ngach aonad gnó, réimse feidhme agus tionscadal chun neamhchosaint na heagraíochta do riosca go ginearálta a rianú agus a mheas. Tá an cur chuige ar glacadh leis chun rioscaí (agus deiseanna) Aeráide a shainaithint ag cloí le struchtúr chóras bainistíochta riosca na cuideachta. Go sonrach, tá anailís cháilíochtúil déanta ag Bord na Móna chun na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna aeráide a shainaithint (fisiciúil agus idirthréimhseach) don eagraíocht. Nuair a bhíonn an anailís tionchair Aeráide seo á déanamh, tá sé riachtanach torthaí amach anseo a chur i láthair i gcomhthéacs oiriúnach, go hidéalach, mar chuid de chásanna aitheanta agus sainaitheanta nuair a bhíonn rioscaí fisiciúla agus idirthréimhseacha á meas.

**Rioscaí Fisiciúla – géar agus ainsealach**

Is cásanna iad CCCanna (Conairí Comhchruinnithe Coibhneasta) a gcuimsítear iontu amshraith d'astaíochtaí agus de chomhchruinnithe den tacar iomlán de gháis cheaptha teasa (GCTanna), aerasóil agus gáis atá gníomhach go ceimiceach, mar aon le talamhúsáid/cumhdach talún. Ní sholáthraíonn CCCanna ach tacar amháin de go leor cásanna a bheadh mar bhonn le leibhéil dhifriúla de théamh domhanda.[7] D'ainmnigh IPCC (An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide) CCC4.5 mar chás idirmheánach, measartha nó cobhsaithe, agus i gcodarsnacht leis sin tá CCC8.5 – cás bunaithe ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa arda de bhrí nach bhfuil aon bheartas bunaithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, rud a bheidh mar bhonn le fás leanúnach agus leantach ar chomhchruinnithe gáis cheaptha teasa atmaisféaracha agus géarchéim aeráide mhéadaithe.

Nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar riosca aeráide fisiciúil, trí úsáid a bhaint as an dá CCCanna thuasluaite, cás ina raibh rath áirithe ar bhearta don oiriúnú aeráide agus cás eile nach raibh rath orthu, chun 'teorainneacha' a lua le réamh-mheastacháin a dhéanfar amach anseo. Tá an éagsúlacht idir na Conairí Comhchruinnithe Coibhneasta difriúla measartha suas go dtí 2040, agus ina dhiaidh sin éiríonn na difríochtaí níos soiléire.

Dearadh uirlis TRANSLATE[8] Met Éireann chun réamh-mheastacháin aeráide agus seirbhísí aeráide caighdeánaithe a fhorbairt d'Éirinn. D'úsáid Bord na Móna an uirlis seo, trí chur chuige leathchainníochtúil, chun scrúdú a dhéanamh ar rioscaí aeráide fisiciúla a d'fhéadfadh a bheith le tabhairt faoi deara sa tréimhse idir 2041–2070, i gcoibhneas leis an tréimhse bhunlíne, 1976–2005.

Tríd an dá CCC a úsáid, réamh-mheasann an samhaltú géar-rioscaí aeráide fisiciúla a bhaineann le déine mhéadaithe teagmhas adhaimsire cosúil le stoirmeacha agus tuilte, agus ní nach ionadh, minicíochtaí níos airde de theagmhais adhaimsire ag CCC 8.5. Damáiste fhéideartha agus deisiú agus costais chothabhála níos airde do shócmhainní, i dteannta leis an bhféidearthacht go mbeidh an t-ioncam ag laghdú mar thoradh ar acmhainn 'táirgthe' laghdaithe mar gheall ar na géartheagmhais seo. Chun tacú le maolú, cuimsítear i dtionscadail agus in oibríochtaí Bhord na Móna bearta a bhaineann le seasmhacht aeráide ina ndearadh, lena n-áirítear measúnuithe riosca stuama tuilte, riosca, ag an gcéim thoilithe agus thógála ina gcuimsítear tionchair fhéideartha guaiseacha aeráide amach anseo.

Chomh fada is a bhaineann le rioscaí aeráide fisiciúla ainsealacha nó córasacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Bhord na Móna, meastar sna RCManna go laghdóidh meánluasanna gaoithe agus leithlisiú aonair ar fud na tíre. Má tharlaíonn an méid atá tuartha sna samhlacha seo, d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag a leithéid ar thorthaí ó thionscadail fuinnimh in-athnuaite amach anseo; má dhírítear ar mhaolú, cuimsítear sa mheasúnú ar infheistíochtaí amach anseo anailís íogaireachta do thorthaí bunaithe ar chásanna aeráide difriúla.


**Rioscaí agus Deiseanna Aistrithe**

Le cois na rioscaí fisiciúla a bhaineann leis an athrú aeráide, baineann rioscaí aistrithe comhthoraidh le haistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, a mbeidh a uainiú agus luas ag brath ar bheartas agus ar rialachán, forbairt teicneolaíochta agus athruithe ar shainroghanna tomhaltóirí chun déileáil le





### Réamh-mheastacháin aeráide agus seirbhísí aeráide caighdeánaithe d'Éirinn




**Fíor 29** Samhaltú bunaithe ar athrú Mheánteocht Airmheánach Met Éireann i gcoibhneas le bunlíne 1976–2005 don tréimhse idir 2041–70 faoi chás CCC4.5 agus CCC8.5.

ceanglais mhaolaithe agus oiriúnaithe. Nuair atá breithniú á déanamh ar chásanna amach anseo a bhaineann leis an 'aistriú,' tá a straitéis aistrithe á hailíniú ag Bord na Móna, chun feidhmiú mar chuideachta réiteach aeráide atá dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite, athrú talamhúsáide agus an geilleagar ciorclach, le Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide Rialtas na hÉireann atá forbartha ó foilsíodh an chéad phlean in 2019. Ina theannta sin, rinneadh scrúdú freisin ar chonairí samhaltaithe domhanda eile lena n-áirítear an cás don Líonra do Ghlasú an Chórais Airgeadais (LGCA), agus na Conairí Socheacnamaíocha Comhroinnte (CSC) a úsáidtear mar ionchur i dtuarascálacha measúnaithe IPPC. Snáithe coiteann idir na cásanna LGCA agus SCSanna é an ról a d'fhéadfadh a bheith ag leictreachas glan i sochaí atá ag dícharbónú. Chomh maith leis sin, tá veicteoir an fhuinnimh ghlais curtha san áireamh sna spriocanna uaillmhianacha don earnáil i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (PGA 24) 2024 na hÉireann. Ceanglaíonn PGA 24 laghdú 75% ar astaíochtaí leictreachais na hÉireann bunaithe ar leibhéil 2018 faoi 2030 agus méadú ar an sciar de leictreachas in-athnuaite go dtí 80% trí 9 GW de ghaoth ar talamh a imlonnú, 8 GW de ghrianchumhacht agus ar a laghad 5 GW de ghaoth ón talamh.

Cosúil le cuideachtaí eile sa tionscal, tá ag eagraíocht seo ag déileáil leis na rioscaí 'aistrithe' polaitiúla agus rialála seanbhunaithe a d'fhéadfadh moill nó bac a chur ar imlonnú fuinnimh ghlais in Éirinn.

Chomh fada is a bhaineann leis na rioscaí aistrithe a bhaineann le margaí, éilíonn infheistíochtaí inmharthana i bhfuinneamh in-athnuaite sásra cobhsaí do phraghsáil charbóin a léiríonn costas 'seachtrach' dáiríre astaíochtaí gás ceaptha teasa.

D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an dá riosca aistrithe seo ar shreafaí ioncaim na cuideachta amach anseo agus an glacadh atá aici le hinfheistíochtaí sa réimse seo.

É sin ráite, beidh an t-aitheantas beagnach uilíoch don ról riachtanach a bheidh ag leictreachas glas i ngach cás ina nglactar go réasúnach leis an maolú aeráide mar dheis ghnó iontach do Bhord na Móna agus cuirtear san áireamh a dhea-theist i ndáil le seachadadh, acmhainní agus saineolas reatha agus na tionscadail inmharthana atá beartaithe a chur i gcrích.

**Méadracht agus Spriocanna**

Tá mionsonraí maidir le hastaíochtaí agus giniúint fuinnimh in-athnuaite Bhord na Móna le fáil ar leathanach 6 agus leathanach 8 faoi seach.

# Tagairtí

[1] D'fhonn cloí le ceanglas phrótacal GCT, tá neodracht carbóin nó astaíochtaí lasmuigh den raon feidhme á ríomh ag 340k tona $CO_{2eq}$

[2] Gilbert G, Stanbury A agus Lewis L (2021), "Birds of Conservation Concern in Ireland 2020–2026." Irish Birds 9: 523—544.

[3] Gníomh 147 de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019, a tugadh anonn go dtí Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 ("PGA 2021") faoi Ghníomh 55, faighte ag **www.ntma.ie/uploads/publication-articles/Climate-Action-Framework-for-CSS-Sector.pdf**

[4] **https://acceleratogreen.ie/about-accelerate-green/**

[5] Tuarascáil Stádais an Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Cosanta a bhaineann le hAeráid 2023 – faighte ag **https://assets.bbhub.io/ company/sites/60/2023/09/2023-Status-Report.pdf**

[6] Tuarascáil Bhliantúil Bhord na Móna 2023 – faighte ag **www.bordnaMóna.ie/wp-content/uploads/2023/09/Bord-na-Móna_Annual-Report-2023.pdf**

[7] Achoimre IPCC do Lucht Ceaptha Beartas – faighte ag **www.ipcc. ch/site/assets/uploads/sites/3/2019/11/03_SROCC_SPM_FINAL.pdf**

[8] O'Brien, E., Ryan, P., Holloway, P., Wang, J., Nowbakht, P., Phillips, C., Fitton, J., O'Dwyer, B. agus Nolan, P. (2024) Tuarascáil Taighde TRANSLATE. Ullmhaithe do Met Éireann ag Ollscoil na Gaillimhe, Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus MaREI, Ionad Taighde Fuinnimh, Aeráide agus Mhuirí SFI. ISBN: 978-1-917198-00-4

Bord na Móna,
An Phríomhshráid, Droichead Nua,
Co. Chill Dara, W12 XR59

**T.** (045) 439000
**E.** info@bnm.ie
**W.** www.bnm.ie